AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

AN SEACHTÚ CRUINNIÚ IOMLÁNACH

OLLSCOIL ULADH, COLÁISTE MHIG AOIDH

23 EANÁIR 2009

TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH

1. Tionóladh an seachtú cruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) in Ollscoil Uladh, Coláiste Mhig Aoidh, 23 Eanáir 2009.

2. Is iad an Chéad Aire, An Ró-On. Peter Robinson FP CTR, agus an Leas-Chéad-Aire, Martin McGuinness FP CTR, a bhí i gceannas ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Is é an Taoiseach, Brian Ó Comhain T.D. a bhí i gceannas ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht i gceangal leis seo mar Iarscríbhinn.

3. Rinne na hAirí plé ginearálta ar na dúshláin eacnamaíochta atá rompu agus, ina measc, an gá atá le comhoibriú leanúnach, praiticiúil, comhthairbhiúil, Thuaidh Theas chun go dtabharfar cúnamh don dá rialtas araon agus iad ag iarraidh déileáil leis an chor chun donais eacnamaíochta.

4. Rinne an Chomhairle caibidil ar an éilliú a rinneadh ar bhia ainmhithe le déanaí agus ar an drochthionchar a bhí aige sin ar fheirmeoirí agus ar phróiseálaithe bia sa dá dhlínse araon. Thug an Chomhairle dá haire na cúiseanna imní a d'ardaigh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann faoin cheist agus thug sí dá haire go bhfuil na hAirí lena mbaineann i mbun dianchainteanna faoi chúnamh díreach agus indíreach a bheith ar fáil. D'iarr sí orthu leanúint de bheith ag déileáil leis an cheist sin mar ábhar práinne.

TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN CATT

5. Thug an Chomhairle dá haire tuarascáil ar na príomhfhorbairtí atá déanta ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) tríd na ceithre chruinniú dhéag a tionóladh ó bhí an Cruinniú Iomlánach deireanach ann i bhFeabhra 2008 agus d'fháiltigh sí roimh an chomhoibriú comhthairbhiúil a rinneadh sna cruinnithe sin, lena n-áirítear:

    - an dul chun cinn mór atá déanta sna tionscadail ar an A5 (an chonair atá ag freastal ar an Iarthuaisceart a fhad le Achadh na Cloiche) agus ar an A8 (ó Bhéal Feirste go Latharna) agus cuireadh na chéad phríomhchéimeanna i gcrích i bhFómhar 2008 roimh an spriocam.

    - an dlús a cuireadh leis an obair ar an chomhaontú ar Choinbhinsiún an AE um Dícháiliúcháin Tiomána agus comhaitheantas pointí pionóis.

    - seoladh rathúil Chláir PEACE III agus Interreg IVA.

    - an dlús a cuireadh leis an chomhoibriú ar chosaint páistí lena n-áirítear an feachtas feasachta trasteorann.

    - an plean gníomhaíochta 10 bpointe uile oileáin chun féinmharú a chosc.

    - an dul chun cinn atá déanta chun dramhaíl a dumpáladh go neamhdhleathach a thabhairt ar shiúl.

    - oscailt oifigiúil Cheanncheathrú nua Uiscebhealaí Éireann in Inis Ceithleann.

    - an dul chun cinn atá déanta i ndéileáil le tearcghnóthachtáil oideachasúil, i gcomhoibriú san oideachas don Lucht Taistil agus in oideachas speisialta lena n-áirítear na seirbhísí a chuirtear ar fáil i Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin.

    - an dul chun cinn atá déanta ar dhréacht-Straitéis uile oileáin le haghaidh Sláinte agus Leas Ainmhithe.

    - an rath atá ar an suíomh gréasáin soghluaisteachta trasteorann go dtí seo.

    - an obair atá déanta ar aistriú pinsean ar bhonn trasteorann agus ar cheisteanna a bhaineann le baincéireacht trasteorann, lena n-áirítear faisnéis a fhoilsiú faoi chostas idirbheart pearsanta trasteorann baincéireachta ar an suíomh gréasáin soghluaisteachta, agus baint dhireach ag gach ceann díobh le cur chun cinn na soghluaisteachta trasteorann.

Comhaontú Chill Rímhinn

6. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag Grúpa Athbhreithnithe Chomhaontú Chill Rímhinn. Thug sí dá haire gur chríochnaigh na saineolaithe / comhairleoirí a dtuarascáil ar éifeachtúlacht agus ar fhiúntas ó thaobh costais na bhForas Forfheidhmithe agus Thurasóireacht Éireann Teo.

7. D'iarr an Chomhairle ar an Ghrúpa Athbhreithnithe, i gcomhairle leis na Ranna agus na hAirí urraíochta, breithniú a dhéanamh ar na moltaí atá déanta ag na saineolaithe / comhairleoirí agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle ag an chéad Chruinniú Iomlánach eile.

8. D'iarr an Chomhairle ar an Ghrúpa Athbhreithnithe an obair a chríochnú ar na téarmaí tagartha atá fágtha aige agus tograí a chur faoi bhráid cruinniú iomlánach de chuid CATT roimh dheireadh 2009.

Fóram Comhairliúcháin Thuaidh/Theas

9. Thug an Chomhairle dá haire moltaí Rialtas na hÉireann i ndáil le ról, formáid, ballraíocht agus feidhmiú Fóram Comhairliúcháin Thuaidh/Theas.

10. Thug sí dá haire an dul chun cinn atá déanta san athbhreithniú ar Fhóram Saoránaíochta Thuaisceart Éireann.

11. D'aontaigh sí an cheist a bhreithniú a luaithe a bheidh an t-athbhreithniú sin críochnaithe.

Fóram Parlaiminteach Thuaidh/Theas

12. Thug an Chomhairle dá haire na cainteanna atá ar siúl idir Tithe an Oireachtais agus Tionól Thuaisceart Éireann faoi Fhóram Parlaiminteach Thuaidh/Theas agus thug dá haire an comhaontú go mbunófar dhá mheitheal chun tograí le haghaidh comhlacht den sórt sin a fhorbairt.

13. D'aontaigh na Chomhairle an cheist sin a choinneáil faoi athbhreithniú.

Cruinnithe de chuid CATT amach anseo

14. Bhreithnigh agus cheadaigh an Chomhairle sceideal chruinnithe CATT a bheidh á dtionól sna míonna atá le teacht agus d'aontaigh sí go mbeidh an chéad chruinniú eile dá cuid i bhfoirm Iomlánach á thionól ag Rialtas na hÉireann i mí an Mheithimh 2009.

15. Ghabh an Chomhairle buíochas leis an Ollamh Richard Barnett, Leas-Seansailéir Ollscoil Uladh, leis an Ollamh Jim Allen, Leas-Leas-Seansailéir agus Propast Choláiste Mhig Aoidh, leis an fhoireann agus leis na mic léinn as an chomhoibriú a rinne siad chun cruinniú na Comhairle a eagrú agus as na saoráidí sármhaithe a chuir siad ar fáil.

An Chomhrúnaíocht
Eanáir 2009